# Teachtaireacht sa bhuidéal



Tá Scoil Eoin Naofa suite in aice leis an séipéal ar Bhóthar na Trá. Uair sa bhliain téann an príomhoide, na múinteoirí agus na páistí ag siúl ar an trá.

Is mise Méabh Ní Bhroin agus inseoidh mé duit cad a tharla nuair a bhíomar ag siúl ar an trá le déanaí. Thug an príomhoide málaí dubha agus lámhainní rubair do gach páiste i rang a cúig agus a sé. D'iarr sí orainn bruscar a bhailiú ón trá nuair a bhíomar ag siúl. Tá bród an domhain orainn go bhfuil trí bhrat ghlasa ag an scoil cheana féin.



Bhí mo mhála leathlán de bhruscar agus bhí ag éirí go maith liom. Ansin chonaic mé buidéal plaisteach sáite sa ghaineamh. Phioc mé suas an buidéal. Bhí mé díreach chun é a chaitheamh isteach sa mhála nuair a thug mé faoi deara go raibh píosa páipéir istigh ann. Chuaigh mé go dtí an múinteoir Breandán. D'inis mé an scéal dó agus thug mé an buidéal agus an litir dó.

'Tá an litir seo i bhFraincis,' arsa an múinteoir Breandán.

'Tá Fraincis ag Nicole. Tá sí i rang a sé. Bhí sí ina cónaí sa Chongó sular tháinig a clann go dtí an tír seo.'



Labhair an múinteoir Breandán leis an múinteoir i rang a sé. 'Féach ar an litir a fuair Méabh sa bhuidéal seo,' arsa an múinteoir Breandán. 'An féidir le Nicole í a léamh dúinn?' Léigh Nicole an litir. 'Tháinig an litir seo ó La Rochelle sa Fhrainc,' arsa Nicole. 'Scríobh páistí ón Lycée Atlantique an litir. Chuir siad an seoladh ríomhphoist ar an litir agus ba bhreá leo freagra a fháil ón duine a osclaíonn an buidéal.'




An tráthnóna sin bhíomar go léir ar ais sa seomra ranga. D'inis an múinteoir Breandán an scéal don rang ar fad. An lá ina dhiaidh sin sheol an rang ríomhphost chuig na páistí in La Rochelle. Rinne mise an clóscríobh ar an ríomhaire. Fuaireamar ríomhphost ón bhFrainc inné. Chuir na páistí grianghraf den rang chugainn. D'inis siad dúinn faoi na hábhair scoile a dhéanann siad agus d'iarr siad orainn ríomhphost a sheoladh ar ais.

'Sin tionscadal maith don bhliain seo,' arsa an múinteoir Breandán. 'Is féidir linn ríomhphoist a chur chuig ár gcairde nua sa Fhrainc i rith na bliana.'

Bhí áthas an domhain orm go bhfuair mé an buidéal sin ar an trá.

Chuir an teachtaireacht sa bhuidéal tús le cairdeas nua!